

Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

Aistear

Téamaí: *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh.*

Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais:

Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe (lgh. 74-107) *Treoir d'Úsáideoirí* (lgh. 12-22)

Caighdeáin Síolta

1: *Ceartha an Linbh*, C1.1, 1.2, 1.3, 3:

Tuismitheoirí agus Teaghlaigh, C3.1, 3.3, 5:

Idirghníomhaíochtaí, C5.3, 5.4,

6: *Súgradh*, C6.7, 7: *Curaclam*, C7.5, 7.6

Achoimre Taighde nasctha leis na *Caighdeáin* thuas

An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

Cabhróidh an **Uirlis Féinmheastóireachta** seo leat machnamh a dhéanamh ar conas a bhíonn tú ag pleanáil agus ag measúnú le téamaí *Aistear* mar chleachtóir aonair nó mar bhall d'fhoireann.

1. Tá an uirlis seo roinnte ina **3 ghné**.

- Breathnóireacht, caint agus faisnéis an mheasúnaithe a bhailiú
- Doiciméadú
- Pleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí

2. Tá **sraith ráiteas** le gach gné. I gcás gach ráitis, roghnaigh an abairt i measc na n-abairtí seo a leanas is fearr a léiríonn do chleachtas reatha.

Riamh/Go hAnnamh	Is annamh a dhéanaim é seo.
Uaireanta	Déanaim é seo má chuimhním air/nuair a chuimhním air.
Go Rialta	Déanaim iarracht é seo a dhéanamh chomh minic agus is féidir liom.
Beagnach i gCónaí	Déanaim é seo an chuid is mó den am.

Tá bosca ar fáil chun nótaí a bhreacadh maidir leis na ráitis dá mba mhaith leat é sin a dhéanamh.

An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

3. Tá **noda machnaimh** le fáil i ndiaidh gach gné. Agus do mhachnamh á dhéanamh agat orthu sin, smaoinigh ar do chleachtas – céard a dhéanann tú agus conas a dhéanann tú é. Cabhróidh sé sin leat na nithe a oibríonn go maith a aithint mar aon leis na dúshláin a bhaineann le gach gné.
4. Déan nóta de na hathruithe is mian leat a dhéanamh.
5. Tar éis duit an Uirlis Féinmheastóireachta a úsáid, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach féachaint ar na rannáin, *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Acmhainní le comhroinnt* ar **aistearsiolta.ie**.
6. Cabhróidh an Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta sa rannán Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta leat pleanáil le haghaidh na n-athruithe ar leith a shocróidh tú a dhéanamh.

Ainm an
Chleachtóra

Dáta

LL/MM/BB

Gné 1: Breathnóireacht, caint agus faisnéis an mheasúnaithe a bhailiú

Nuair a bhailítear faisnéis trí bhreathnóireachtaí agus trí chomhráite leanúnacha le leanaí, le tuismitheoirí agus le comhghleacaithe, cabhraíonn sé chun pictiúr saibhir a chruthú de na haistir foghlama ar leith a bhíonn ag leanaí. Soláthraítear táscairí leis an bhfaisnéis sin ar conas is féidir tacaíocht bhreise a thabhairt dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt.

	Agus breathnóireacht á déanamh ar leanaí, comhrá á dhéanamh, agus faisnéis an mheasúnaithe á bailiú,	Riamh/Go hAnnámh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
1	bíonn meas againn ar chultúr, struchtúr teaghlaigh agus cúlra gach linbh agus léirimid an fhéiniúlacht sin inár gcomhráite agus inár n-idirghníomhaíochtaí le leanaí.					
2	spreagaimid leanaí chun féinmheasúnú a dhéanamh trí chabhrú leo machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus forbartha féin agus a fheiceáil cad atá ar a gcumas a dhéanamh.					
3	labhraímid le leanaí faoina bhfuil ar siúl acu d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar a smaointeoireacht agus ar a réasúnaíocht.					
4	úsáidimid réimse straitéisí chun comhráite a spreagadh le leanaí, mar shampla bheith ag smaoineamh os ard le chéile, a mbíonn ráite ag leanaí a athlua leo, ceist oscailte a chur.					
5	úsáidimid uirlisí agus modhanna éagsúla chun breathnóireachtaí a dhéanamh.					

Gné 1: Breathnóireacht, caint agus faisnéis an mheasúnaithe a bhailiú

	Agus breathnóireacht á déanamh ar leanaí, comhrá á dhéanamh, agus faisnéis an mheasúnaithe á bailiú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
6	féachaimid agus tugaimid aird ar leideanna neamhbhriathartha agus ar réimsí spéise, agus ar conas a bhíonn leanaí ag idirghníomhú <ul style="list-style-type: none"> • lena chéile • le daoine fásta in aice láimhe • sa timpeallacht laistigh agus lasmuigh. 					
7	bímid ag éisteacht go gníomhach leis na comhráite agus an idirphlé a bhíonn ag leanaí lena chéile, agus faighimid léargais thábhachtacha ar a scileanna cumarsáide agus ar a smaointeoireacht.					
8	breathnaímid ar shúgradh agus ar idirghníomhaíochtaí leanaí, a n-úsáid acmhainní agus a léirithe, chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar a gcuid smaointeoireachta agus a thabhairt faoi deara céard is súim leo agus céard a spreagann iad.					
9	úsáidimid comhráite le leanaí chun obair leantach a dhéanamh maidir leis na breathnóireachtaí d'fhonn leanaí a spreagadh chun na rudaí a bhíonn ina n-intinn acu nó a bhraitheann siad a roinnt.					
10	úsáidimid ceamaraí agus/nó físeáin nuair is féidir, le toiliú tuismitheoirí chun pointí tábhachtacha i bhfoghlaím agus i bhforbairt na leanaí a thaifeadadh agus a chomhroinnt.					
11	uaireanta, pleanálaimid tascanna ar leith chun faisnéis a bhailiú ar na meonta, scileanna, dearchtaí agus luachanna, eolas agus tuiscint atá ag leanaí a bhaineann le téamaí <i>Aistear</i> .					

Gné 1: Breathnóireacht, caint agus faisnéis an mheasúnaithe a bhailiú

Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le pleanáil le haghaidh foghlaim agus forbairt leanaí agus téamaí Aistear in úsáid.
- Smaoinigh ar na **dúshláin** a bhí romhat agus pleanáil á déanamh le haghaidh foghlaim agus forbairt leanaí agus téamaí Aistear in úsáid.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir úsáid a bhaint as *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus as *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* atá le fáil sa Treoir Chleachtas chun cabhrú leat an obair sin a phleanáil.

Ainm an Chleachtóra

Dáta

LL/MM/BB

Gné 2: Foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú

Soláthraítear taifead ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí le doiciméadúchán. Úsáidtear cineálacha éagsúla cáipéisí sa taifead seo lena n-áirítear nótaí ó bhreathnóireacht, grianghraif, gearrthóga físe, samplaí de mharcanna a dhéantar, agus sonraí ar imeachtaí nó ar ghníomhaíochtaí ar leith. Cabhraíonn an taifead chun scéal aistear gach linbh a insint agus a léiriú mar fhoghlaimoir cumasach inniúil. Déanann an cleachtóir taifead ar phointí tábhachtacha maidir lena bhfuil ar chumas leanaí a dhéanamh agus a thuiscint agus maidir le cur chuige leanaí i leith na foghlama, gnéithe ar féidir leis nó léi a úsáid chun eispéiris foghlama amach anseo a phleanáil.

	Agus foghlaim agus forbairt leanaí á ndoiciméadú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
1	bíonn meas againn ar chultúr, struchtúr teaghlaigh agus cúlra gach linbh agus léirímid an fhéiniúlacht sin inár ndoiciméadúchán.					
2	úsáidimid na meonta, na scileanna, na dearcthaí agus na luachanna, an t-eolas agus an tuiscint mar atá leagtha amach i dtéamaí, in aidhmeanna agus i spriocanna foghlama <i>Aistear</i> chun ár gcinntí maidir leis na gnéithe le doiciméadú a threorú.					
3	aithnímid agus déanaimid pointí tábhachtacha a thaifeadadh in eispéiris leanaí mar soláthraíonn na pointí sin fianaise agus léargais thábhachtacha dúinn ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí.					
4	cuirimid lenár ndoiciméadúchán ar bhonn leanúnach agus bainimid leas as breathnóireachtaí agus machnamh ár gcomhghleacaithe chun pictiúir d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí a chruthú de réir a chéile bunaithe ar dhearcthaí éagsúla.					

Gné 2: Foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú

	Agus foghlaim agus forbairt leanaí á ndoiciméadú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
5	úsáidimid cineálacha éagsúla doiciméadúcháin amhail nótaí gearra, breathnóireachtaí scríofa, grianghraif, gearrthóga físe, samplaí de rudaí atá cruthaithe ag leanaí agus dialanna/taifid laethúla ar an gcúram chun pictiúr saibhir d'fhoghlaim agus d'fhorbairt gach linbh a chruthú.					
6	tugaimid ról do leanaí i bpróiseas an doiciméadúcháin trí na pictiúir a tharraingíonn siad, a rogha grianghraf agus a dtuairimí a úsáid, agus cinntimid go bhfuil fáil acu ar an doiciméadúchán sin.					
7	roghnaímid grianghraif agus gearrthóga físe nuair is féidir chun cur lenár ndoiciméadúchán ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí.					
8	úsáidimid córas 'duine lárnach' chun doiciméadúchán éifeachtach agus cuimsitheach a chomhordú maidir le gach leanbh.					
9	déanaimid machnamh agus plé le comhghleacaithe ar ár ndoiciméadúchán agus ár mbreathnóireachtaí san áireamh.					
10	roinnimid doiciméadúchán, lena n-áirítear breathnóireachtaí, le tuismitheoirí . Cuirimid doiciméadúchán atá dírithe ar na leanaí sa ghrúpa nó sa seomra ionas gur féidir le tuismitheoirí féachaint air agus taitneamh a bhaint as in éineacht lena leanbh.					

Gné 2: Foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú

	Agus foghlaim agus forbairt leanaí á ndoiciméadú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
11	iarraimid ar thuismitheoirí aiseolas ó bhéal agus/nó i scríbhinn a thabhairt dúinn ar an doiciméadúchán agus úsáidimid é sin chun cabhrú linn agus an curaclam á phleanáil againn.					
12	cinntimid faoin doiciméadúchán go bhfuil ainm agus dáta air, agus é bheith ábhartha, agus inrochtana do dhaoine údaraithe eile amhail cigirí agus teiripeoirí.					
13	déanaimid an doiciméadúchán a thaifeadh i dteanga oibre an tsuímh , agus, sa chás gurb í an Ghaeilge an teanga oibre, soláthraímid leagan dátheangach den doiciméadúchán do thuismitheoirí nuair is gá.					
14	spreagaimid comhroinnt an doiciméadúcháin le suíomhanna eile na luath-óige má bhíonn leanaí ag athrú suíomhanna, nuair is cuí agus le cead tuismitheoirí.					
15	spreagaimid comhroinnt an doiciméadúcháin le bunscoileanna mar chuid den aistriú a dhéanann leanaí, nuair is cuí agus le cead tuismitheoirí.					

Gné 2: Foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú

Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le pleanáil le haghaidh foghlaim agus forbairt leanaí agus téamaí Aistear in úsáid.
- Smaoinigh ar na **dúshláin** a bhí romhat agus pleanáil á déanamh le haghaidh foghlaim agus forbairt leanaí le téamaí Aistear.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir úsáid a bhaint as *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus as *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* atá le fáil sa Treoir Chleachtas chun cabhrú leat an obair sin a phleanáil.

Ainm an Chleachtóra

Dáta

LL/MM/BB

Gné 3: Pleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí

Sa dea-phleanáil, díritear ar gach gné d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí. Ag tarraingt ar an doiciméadúchán, cuireann an phleanáil le réamhfhoghlaim agus le forbairt leanaí agus clúdaíonn sí a gcuid suimeanna agus fiosrúchán, mar aon leo siúd a bhíonn ag cleachtóirí, chun eispéiris ábhartha, thaitneamhacha agus theagmhálacha a sholáthar. Ní mór roinnt ama a chaitheamh leis an gcineál sin pleanála agus ní mór aithne mhaith a bheith ar na leanaí lena haghaidh – a réimsí spéise, a gcuid riachtanas, a gcultúir, a gcúlra, agus a gcumais. Dá bhrí sin, cuireann an phleanáil churaclaim ar chumas cleachtóirí eispéiris a chur ar fáil chun foghlaim leanaí a fhairsingiú agus tacú léi, agus a chinntiú go bhfreastalaíonn an curaclam go cuí ar riachtanais gach linbh agus go dtacaíonn an curaclam lena c(h)uid foghlama agus forbartha. Ar an ábhar sin, tá faisnéis an mheasúnaithe ag croílár na pleanála.

Agus pleanáil á déanamh d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
1 cuirimid san áireamh prionsabail <i>Aistear</i> agus <i>Síolta</i> agus cinntimid go bhfuil na prionsabail sin mar bhonn agus mar thaca ag na heispéiris foghlama a phleanálaimid le haghaidh leanaí.					
2 bíimid ag smaoineamh ar na haidhmeanna agus na spriocanna foghlama i dtéamaí <i>Aistear</i> agus, go háirithe, ar na meonta, na scileanna, na dearcthaí agus na luachanna, an t-eolas agus an tuiscint a dtacaímid leo agus a chothaímid i leanaí nuair a bhíonn eispéiris agus gníomhaíochtaí á bpleanáil againn.					
3 cinntimid go bhfuil an phleanáil ina cuid dár ngnáthamh laethúil .					
4 úsáidimid faisnéis a bhailítear trí bhreathnóireachtaí, comhráite le leanaí, le comhghleacaithe agus le tuismitheoirí, grianghraif agus gearrthóga fise, agus samplaí de rudaí atá déanta, cruthaithe nó ráite ag leanaí chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil.					

Gné 3: Pleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí

	Agus an fhoghlaim agus an fhorbairt á stiúradh agus á dtreorú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
5	pleanáilimid eispéiris trína gcuirtear ar chumas leanaí dul ar aghaidh chuig gníomhaíochtaí atá níos casta , rud a chruthaíonn cothromaíocht idir an rud a bhfuil cleachtadh acu air, a chuireann ar a suaimhneas iad, agus an úire agus dúshlán lena dtarraingítear a n-aird.					
6	pleanáilimid le haghaidh acmhainní sa timpeallacht foghlama a chabhraíonn le leanaí dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama agus forbartha, mar shampla, tugaimid isteach frapaí, leabhair, míreanna ón bhfíorshaol, agus stór focal nua ar leith.					
7	tugaimid ról do leanaí sa phleanáil churaclaim, go háirithe i bpleananna gearrthéarmacha agus ar an toirt, a chuireann brí agus fírinne ina gcuid eispéireas.					
8	éistimid le leanaí agus breathnaímid ar leanaí ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil na heispéiris agus na gníomhaíochtaí solúbtha, go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na leanaí, agus go dtacaíonn siad le dul chun cinn ina bhfoghlaim agus ina bhforbairt.					
9	cinntimid cothromaíocht chuí idir gníomhaíochtaí agus eispéiris faoi stiúir an linbh agus gníomhaíochtaí agus eispéiris faoi stiúir an chleachtóra .					
10	aithnímid agus úsáidimid deiseanna gan choinne a thagann aníos i gcomhráite, i súgradh agus i ngníomhaíochtaí chun coincheapa agus scileanna nua a chur i láthair leanaí.					

Gné 3: Pleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí

	Agus an fhoghlaim agus an fhorbairt á stiúradh agus á dtreorú,	Riamh/Go hAnnamh	Uaireanta	Go Rialta	Beagnach i gCónaí	Nótaí
11	forbraímid pleananna gearrthéarmacha bunaithe ar réimsí spéise a thagann aníos agus ar na ceisteanna a bhíonn ag leanaí, agus ar ár réimsí spéise agus ar ár gceisteanna féin, agus cuirimid lena bhfuil ar eolas ag leanaí cheana agus lena bhfuil ar a gcumas a dhéanamh.					
12	forbraímid pleananna meántéarmacha bunaithe ar imeachtaí séasúracha, ceiliúradh, agus ábhair a bhféadfadh leanaí spéis a chur iontu agus a thagann aníos óna n-eispéiris, agus bailímid réimse acmhainní agus faisnéise a bhaineann leo sin.					
13	forbraímid plean fadtéarmach bunaithe ar ár Ráiteas Curaclaim (féach Bunchlocha an Churaclaim) agus ina ndéantar cur síos ar na mianaidhmeanna atá againn maidir le foghlaim agus forbairt leanaí, agus a bhaineann le téamaí <i>Aistear</i> agus éiteas ár suímh.					
14	samhlaímid pleananna, go háirithe pleananna gearrthéarmacha agus ar an toirt, bheith solúbtha agus inathraithe ionas gur féidir leo freagairt do smaointe agus do thaiscéaladh nua tionscanta ag leanaí nó againn féin mar fhreagairt ar leanaí.					
15	déanaimid Pleananna Oideachais an Dalta Aonair (PODA) a fhorbairt nuair is gá i gcomhar le tuismitheoirí agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile a bhfuil baint acu le hoideachas agus le cúram an linbh.					
16	cuimsímid gach leanbh sa suíomh againn inár bpleanáil churaclaim agus aithnímid go bhféadfaí go mbeadh dúshláin ar leith ag leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais , agus go bhféadfaí go mbeadh pleanáil bhreise agus athbhreithniú leanúnach de dhíth dá réir sin.					

Gné 3: Pleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí

Noda machnaimh

- Smaoinigh ar **na gnéithe a oibríonn go maith** maidir le pleanáil le haghaidh foghlaim agus forbairt leanaí agus téamaí *Aistear*in úsáid.
- Smaoinigh ar na **dúshláin** a bhí romhat agus pleanáil á déanamh le haghaidh foghlaim agus forbairt leanaí agus téamaí *Aistear*in úsáid.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhat?

Is féidir úsáid a bhaint as *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas agus as Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* atá le fáil sa Treoir Chleachtais chun cabhrú leat an obair sin a phleanáil.